Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Talmhaíochta

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Clár an Ábhair **Leathanach**

Nóta maidir leis an scéim mharcála ........ 3

Achoimre ar leithroinnt na marcanna ........ 4

Nótaí Tacaíochta – Cuid 1 ........ 5

Nótaí Tacaíochta – Cuid 2 ........ 9

Marcanna breise as ucht freagairt trí Ghaeilge ........ 20

### Nóta maidir leis an Scéim Mharcála

Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil. Aon Scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht an chur chuige a ghlacann aon iarrthóir ar leith, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.

Déantar pointí ábhartha eolais a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.

Braitheann méid na sonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar. Is féidir, mar sin, go n-athróidh riachtanais ó bhliain go bliain.

Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus sa chomhthéacs ceart agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní ceadmhach na marcanna a bhronnadh.

# Achoimre ar Leithroinnt na Marcanna

## CUID 1 (120 Marc)

Freagair 15 cheist as 20. 8 marc in aghaidh na ceiste.

**1.** 4m + 4m
**2.** 4m + 2m + 2m
**3.** 2m + 3m + 3m
**4.** 4m + 2m + 2m
**5.** 2m + 2m + 4m
**6.** 2 x 4m
**7.** 4m + 4m
**8.** 4m (2 + 2) + 4m
**9.** 4m + 4m
**10.** 4m + 4m
**11.** 3m + 3m + 2m
**12.** 4m + 4m (2 + 2)
**13.** 2m + 2m + 2m + 2m
**14.** 3m + 3m + 2m
**15.** 4m + 4m
**16.** 2 x 4m
**17.** 4m + 4m
**18.** 2 x 4m
**19.** 4m + 4m
**20.** 3m + 3m + 2m

## CUID 2 (200 Marc)

Freagair 4 cheist as 6. 50 marc in aghaidh na ceiste.

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | 8m |
| | **(b)(i)** | 14m |
| | **(b)(ii)** | 14m |
| | **(b)(iii)** | 14m |
| **2.** | **(a)** | 6m |
| | **(b)(i)** | 10m |
| | **(b)(ii)** | 10m |
| | **(c)(i)** | 12m |
| | **(c)(ii)** | 12m |
| **3.** | **(a)(i)** | 12m |
| | **(a)(ii)** | 11m |
| | **(a)(iii)** | 7m |
| | **(a)(iv)** | 10m |
| | **(b)** | 10m |
| **4.** | **(a)** | 10m |
| | **(b)(i)** | 6m |
| | **(b)(ii)** | 9m |
| | **(b)(iii)** | 15m |
| | **(b)(iv)** | 10m |
| **5.** | **(a)(i)** | 8m |
| | **(a)(ii)** | 18m (9m + 9m) |
| | **(b)** | 14m |
| | **(c)** | 10m |
| **6.** | **(a)(i)** | 6m |
| | **(a)(ii)** | 6m |
| | **(a)(iii)** | 6m |
| | **(b)(i)** | 16m |
| | **(b)(ii)** | 16m |

# Nótaí Tacaíochta

## CUID 1 (120 Marc)

Freagair 15 cheist as 20. 8 marc in aghaidh na ceiste.

<table>
<tr><th colspan="3">CUID 1</th></tr>
<tr><td>1.</td><td>(i) Costas curtha in iúl i dtéarmaí na chéad mhalairte eile is fearr nár glacadh.<br>(ii) D’fhéadfadh barr malartach (e.g. cairéid) a d’fhéadfaí a chur ina áit a bheith mar dheischostas ar phrátaí a chur</td><td>4<br>4</td></tr>
<tr><td>2.</td><td>(i) Cruithneacht<br>(ii) Tá níos mó earraí ionaid don chruithneacht á dtáirgeadh i gcomparáid le gránaigh i.e. tá sé níos éasca d’fheirmeoir athrú ó tháirgeadh cruithneachta go táirgeadh barr gránaigh, ná mar atá sé d’fheirmeoir gránaigh an tionscal a fhágáil agus dul isteach i gceann eile (e.g. mairteoil). Tarlaíonn sé seo mar gheall ar éascaíocht soghluaisteachta toisce.</td><td>4<br>2 + 2</td></tr>
<tr><td>3.</td><td><table><tr><th>An cineál beostoic</th><th>Beithígh</th><th>Muca</th><th>Caoirigh</th></tr><tr><td>An litir ar an ngraf<br>(A, B, nó C)</td><td>A</td><td>C</td><td>B</td></tr></table></td><td>2 + 3 + 3</td></tr>
<tr><td>4.</td><td>Tagraíonn sé seo don chaoi ar gá d’fheirmeoirí a dtalamh a choinneáil i riocht mhaith talmhaíochta agus chomhshaoil, agus ar gá dóibh cloí le Riachtanais Bhainistíochta Reachtúla maidir leis an gcomhshaol, sábháilteacht bhia agus caighdeáin um leas ainmhithe. Mura gcomhlíontar na riachtanais, d’fhéadfaí a n-íocaíocht dhíreach CAP a choinneáil siar, go páirteach nó ina hiomláine.</td><td>4 + 2 + 2</td></tr>
<tr><td>5.</td><td>(i)<br>• tá meánaois feirmeoirí níos sine agus dá bhrí sin tá a mbuaicphointe bainistíochta caite;<br>• modhanna teoranta d’fheirmeoirí idir nua agus óg a bhfuil scileanna bainistíochta acu dul isteach sa tionscal (ceannach nó oidhreacht);<br>• mar gheall ar athrú mall feirmeoirí fanann feirmeoirí a bhfuil drochscileanna bainistíochta acu faoi mar atá siad;<br>• leibhéil oideachais agus oiliúna d’fheirmeoirí i scileanna bainistíochta;<br>• d’fhéadfadh acmhainní a bheith teoranta – e.g. talamh nó caipiteal.<br><br>(ii)<br>• scéim luathscoir;<br>• dreasachtaí le go n-aistreofaí comhpháirtíocht feirme chuig glúin níos óige;<br>• scaipeadh torthaí taighde agus teicnící oibríochta nua, seirbhís oiliúna agus chomhairleach (Teagasc);<br>• soláthar dreasachtaí d’fheirmeoirí óga chun cáilíochtaí oideachais a bhaint amach.</td><td>2 + 2<br><br>4</td></tr>
</table>


| CUID 1 | | |
|---|---|---|
| **6.** | • Díríonn Macra ar fheirmeoirí óga (17-35 bliana d'aois) agus dá bhrí sin cuidíonn sé le déimeagrafach níos óige a chothú i gceantair thalmhaíochta agus thuaithe.<br>• Cuidíonn Macra le feirmeoirí óga iad féin a bhunú san fheirmeoireacht trí oiliúint agus forbairt scileanna (e.g. siúlóidí feirme agus cruinnithe), agus tríd an scéim soghluaisteachta talún. Cuidíonn na gníomhaíochtaí seo lena chinntiú go gcothaítear pobal beoga tuaithe.<br>• Spreagann Macra gníomhaíochtaí sóisialta i measc feirmeoirí óga agus dá bhrí sin cuidíonn sé le dul i ngleic le ceist na scoiteachta agus an uaignis faoin tuath.<br>• Áirítear le gníomhaíochtaí Macra roinnt gníomhaíochtaí sóisialta lena n-áirítear díospóireachtaí agus aisteoireacht, a chuidíonn le gníomhaíochtaí sóisialta a thabhairt chuig an bpobal tuaithe níos leithne.<br>• Léiríonn Macra tuairimí feirmeoirí óga sa phlé agus sa bhrústocaireacht a dhéantar leis an rialtas. Téann sé seo chun tairbhe an bheartais forbartha tuaithe. | 2 x 4m |
| **7.** | Is é is 'Luach Caipitlithe Toisc Tháirgeachta' ann an tsuim airgid a thabharfadh an sruth ioncaim céanna leis an toisc dá ndéanfaí an tsuim sin a infheistiú. | 4 + 4 |
| **8.** | **(i)** Líon iomlán na ndaoine atá ag obair (go páirtaimseartha nó go lánaimseartha) móide líon na ndaoine atá dífhostaithe.<br>**(ii)** Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil ar Theaghlaigh (QNHS) | 4 (2 + 2)<br><br>4 |
| **9.** | **(i)** • Feabhsúcháin sa teicneolaíocht<br>• Altramú feabhsaithe<br>• Aimsir níos fearr<br>• Rialú níos fearr ar ghalar / lotnaidí<br>**(ii)** • Le feabhsúcháin sa teicneolaíocht nó sa riar/saothraíocht, is féidir níos mó a tháirgeadh leis na hionchuir chéanna<br>• Mar gheall ar aimsir fheabhsaithe / galar nó lotnaidí laghdaithe, ní chailltear an toradh/barr an oiread céanna. | 4<br><br>4 |
| **10.** | Úsáidtear páirtbhuiséad den chuid is mó gach uair a phleanáiltear nó a thugtar isteach athrú a mbeidh tionchar aige ar chuid de ghnó feirmeoireachta (e.g. méid an tréada a leathnú nó infheistiú i gcaipiteal nua). | 4 + 4 |


| CUID 1 | | | |
|---|---|---|---|
| **11.** | | Bíonn geilleagar beag oscailte páirteach sa trádáil idirnáisiúnta, ach tá sé sách beag i gcomparáid lena pháirtithe trádála le nach gcuirfeadh a bheartais aon athrú ar phraghsanna domhanda, ar rátaí úis, ná ar ioncaim. Praghasghlacadóirí iad tíortha le geilleagair bheaga oscailte.<br>e.g. Má bhíonn cúlú eacnamaíochta i ngeilleagar SAM, tá seans ann go bhfulaingeoidh an geilleagar domhanda. Ní dócha go mbeidh mórán tionchair ag cúlú eacnamaíochta in Éirinn ar gheilleagar an domhain. | 3 + 3 + 2 |
| **12.** | **(i)**<br>**(ii)** | Earraí Comhlántacha<br>Is é atá i gceist le hearraí comhlántacha sa tomhaltas dhá earra a úsáidtear le chéile (e.g. tarracóir agus díosal). Dá bhrí sin, de réir mar a ardaíonn praghas ceann amháin, laghdaíonn an chainníocht a éilítear ar an earra sin, agus dá bhrí sin laghdaíonn éileamh (agus an chainníocht a éilítear) ar an earra comhlántach chomh maith. | 4<br>4 (2 + 2) |
| **13.** | **(i)** | **Buntáistí:**<br>• D'fhéadfadh méadú san éileamh praghsanna a ardú<br>• Níos lú maorlathais / rómhaorlathais / rialála – mar gheall ar bhacainní trádála laghdaithe<br>• Deiseanna níos fearr d'fheirmeoirí táirgiúla chun leathnú nó fás tuilleadh | 2 + 2 |
| | **(ii)** | **Míbhuntáistí**<br>• D'fhéadfadh praghsanna titim / a bheith níos luainí<br>• D'fhéadfadh méadú ar iomaíochas iompórtála an t-éileamh intíre a laghdú | 2 + 2 |
| **14.** | | Figiúr is ea OTI ainmniúil a chuireann in iúl i bpraghsanna reatha luachanna oll-aschur intíre i dtír. Déantar OTI ainmniúil a choigeartú san OTI fírinneach, áit a mbaintear úsáid as bonnbhliain mar thagarmharc a léiríonn praghsanna atá ag athrú, mar shampla athruithe ar phraghsanna mar gheall ar bhoilsciú nó díbhoilsciú. Ligeann an Olltáirgeacht Intíre fírinneach d'eacnamaithe athruithe san fhás nó sa mheath eacnamaíoch i dtír a thomhas go beacht thar roinnt blianta. | 3 + 3 + 2 |
| **15.** | **(i)**<br>**(ii)** | 57<br>72% | 4<br>4 |
| **16.** | | • Is gá do chomhpháirtíocht teaghlaigh comhaontú a dhéanamh faoi roinnt brabúis, ina gcinntítear an chaoi a bhfuil brabús agus creidmheasanna cánach le roinnt sa chomhpháirtíocht.<br>• Caithfear foráil sa chomhaontú comhpháirtíochta teaghlaigh go n-aistreofar an úinéireacht chuig an bpáirtí níos óige laistigh de thréimhse 10 mbliana.<br>• Ní mór don pháirtí níos óige a bheith níos lú ná 40 bliain d'aois tráth a bhunaítear an chomhpháirtíocht. | 2 x 4m |


| CUID 1 | | | |
|---|---|---|---|
| **17.** | | "praghas-neamhleaisteach"<br>"laghdú" | 4<br>4 |
| **18.** | | • Costais ionchuir e.g. beatha, leasacháin agus síol<br>• Rialacháin Rialtais<br>• Praghas earraí gaolmhara (comhearraí agus earraí iomaíocha)<br>• Costas tairgthe earraí gaolmhara<br>• Teicneolaíocht na táirgeachta<br>• Aimsir / lotnaidí / galar. | 2 x 4m |
| **19.** | **(i)**<br>**(ii)** | An Eagraíocht Dhomhanda Trádála<br>Comhpháirtíocht Trádála agus Infheistíochta Thrasatlantach | 4<br>4 |
| **20.** | | Tarlaíonn sé seo nuair is gá cainníocht an táirge a sholáthraítear, e.g. muca, a phleanáil sula mbíonn praghas an mhargaidh ar eolas. Dá bhrí sin, má bhíonn praghas na muc níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis i mbliana, d'fhéadfadh feirmeoirí cinneadh a dhéanamh a leibhéal aschuir a mhéadú an bhliain seo chugainn. Laghdaítear praghas an mhargaidh mar thoradh ar an méadú seo sa soláthar, rud a chruthaíonn dreasacht d'fheirmeoirí chun an chainníocht a sholáthraíonn siad a laghdú an bhliain ina dhiaidh. Dá bhrí sin, téann an táirgeadh agus an praghas i dtimthriall bunaithe ar an dtoimhde go mbunaíonn táirgeoirí a bpleananna don chainníocht a tháirgtear ar phraghsanna a chonacthas sa tréimhse ama roimhe sin. | 3 + 3 + 2 |

## CUID 2 (200 Marc)

Freagair 4 cheist as 6. 50 marc in aghaidh na ceiste.

| **CUID 2: CEIST 1** | | |
|---|---|---|
| **(a)** | Tagraíonn athrú san éileamh do chuar an éilimh a bheith ag bogadh. Dá bhrí sin, athraíonn cainníocht an earra nó na seirbhíse a éilítear ag gach praghas féideartha. (Is féidir bogadh sin chuar an éilimh a chruthú le toisc ar bith a mbíonn tionchar aige ar chinneadh ceannacháin tomhaltóirí, seachas athrú i bpraghas an earra nó na seirbhíse.)<br><br>Tagraíonn athrú sa chainníocht a éilítear do ghluaiseacht feadh chuar an éilimh mar gheall ar athrú sa phraghas. | **<u>8m</u>**<br>2 + 2<br><br><br>2 + 2 |
| **(b)(i)** | <br><br>Méadóidh praghas an mhargaidh agus cainníocht an mhargaidh araon. Ag druidim leis an Nollaig, bíonn méadú san éileamh ar thurcaithe (a léirítear sa léaráid thuas sa bhogadh ó D1 go D2). Dá bhrí sin, de réir mar a bhogann an margadh chuig pointe cothromaíochta nua (E1 go E2), tagann méadú ar phraghas an mhargaidh (P1 go P2) agus ar an gcainníocht a éilítear (Q1 go Q2) araon. | **<u>14m</u>**<br><br>8<br><br>3 x 2m |

| CUID 2: CEIST 1 | |
|---|---|
| **(b)(ii)**   Cruthóidh imní faoi bhia i gcás géanna laghdú san éileamh ar an táirge sin, dá bhrí sin laghdófar a phraghas margaidh. De réir mar a laghdaítear praghas an mhargaidh, tosóidh feirmeoirí ag táirgeadh níos mó turcaithe mar go n-éireoidh sé beagán níos brabúsaí. Bogann Cuar an tSoláthair ar dheis.<br><br>Dá bhrí sin, cruthóidh an méadú i soláthar turcaithe (S1 go S2 sa léaráid thuas) laghdú ar phraghas an mhargaidh ar thurcaithe (P1 go P2) agus méadú sa chainníocht (Q1 go Q2). | **<u>14m</u>**<br><br>8<br><br>3 x 2m |

| CUID 2: CEIST 1 | |
|---|---|
| **(b)(iii)** | **14m** |
|  | 7 |
| Méadóidh praghas an mhargaidh, cé nach bhfuil an tionchar ar chainníocht an mhargaidh cinnte. D'fhéadfadh sé méadú nó laghdú. Is í an toisc is láidre (athrú san éileamh nó sa soláthar) a chinnfidh sin.<br><br>Laghdófar soláthar (S1 go S2) mar gheall ar an méadú sa chostas ar bhia turcaithe, dá bhrí sin ag cur brú aníos ar phraghas an mhargaidh (P1 go P*) agus brú anuas ar chainníocht an mhargaidh (Q1 go Q*).<br><br>Ach, méadóidh foilsiú na tuairisce an t-éileamh (D1 go D2 ar an léaráid). Cuirfidh sé seo brú aníos ar phraghsanna margaidh (P* go P2), le linn brú aníos a chur ar chainníocht an mhargaigh (Q* go Q2) agus dá bhrí sin gníomhófar in aghaidh thionchar an tsoláthair.<br><br>Dá bhrí sin, cé go gcuireann an t-athrú san éileamh agus sa soláthar brú aníos ar phraghsanna margaidh (P1 go P2), tá an tionchar ar chainníocht an mhargaidh éiginnte (sa léaráid, seach-chuireann tionchar an éilimh agus tionchar an tsoláthair a chéile go beacht agus dá bhrí sin fanann an chainníocht gan athrú ag Q1/Q2). Má bhíonn tionchar an éilimh níos láidre, méadóidh cainníocht an mhargaidh. Ar an lámh eile, titfidh cainníocht an mhargaidh má bhíonn an t-athrú sa soláthar níos láidre ná an t-athrú san éileamh. | 3 x 2m<br>+<br>1 x 1m |


| **CUID 2: Ceist 2** | | |
|---|---|---|
| **(a)** | **Mínigh cad a chiallaíonn an téarma 'Ioncamleaisteachas an Éilimh'.**<br>Tomhaiseann ioncamleaisteachas an chéim freagrachta san éileamh ar tháirge le hathrú ioncaim. Níos mó ná sin, insíonn sé dúinn céatadán an athraithe san éileamh cainníochta mar thoradh ar athrú aon faoin gcéad in ioncam tomhaltóra. Luaitear é mar chéatadán athraithe i gcainníocht a éilítear arna roinnt ar chéatadán an athraithe in ioncam. | **<u>6m</u>**<br><br>3 + 3 |
| **(b)(i)** | Tá sé dóchúil go mbeidh táirgí bia atá ina bpríomhbhia cothaithe (e.g. bainne in Éirinn) níos neamhleaistí ó thaobh ioncaim ná earraí nach bhfuil ina bpríomhbhianna cothaithe. Tarlaíonn sé seo mar gheall air go bhfeiceann daoine príomhbhianna cothaithe mar bhianna atá níos riachtanaí agus dá bhrí sin is lú an seans go n-athróidh siad a leibhéal iontógála de réir mar a athraíonn ioncam. | **<u>10m</u>**<br><br>5 + 5 |
| **(b)(ii)** | Is iondúil go mbíonn ioncamleaisteachas an éilimh ar tháirgí bia níos neamhleaistí i dtír atá réasúnta saibhir. Dá bhrí sin, ní dóchúil go dtiocfaidh céatadán athraithe rómhór ar an éileamh ar tháirgí bia mar gheall ar athrú ioncaim i dtír atá réasúnta saibhir cheana féin. | **<u>10m</u>**<br><br>5 + 5 |
| **(c)(i)** | Ioncamleaisteachas an éilimh ar earra X:<br>$\frac{\Delta Q}{\Delta Y} \times \frac{Y_1+Y_2}{Q_1+Q_2} = \frac{195-130}{35{,}000-30{,}000} \times \frac{30{,}000+35{,}000}{130+195}$<br>$= \frac{65}{5{,}000} \times \frac{65{,}000}{325}$<br>$= 2 \cdot 6.$ | **<u>12m</u>**<br>8<br><br>4 |
| **(c)(ii)** | Earra lagmheasartha is ea earra Y. As gach méadú aon faoin gcéad in ioncam, méadaíonn an t-éileamh cainníochta 0.5 faoin gcéad.<br>Ioncamleaisteachas Diúltach an Éilimh.<br><br>Earra sóchais is ea earra Z. As gach méadú aon faoin gcéad in ioncam, méadaíonn an t-éileamh cainníochta níos mó ná aon faoin gcéad.<br>Ioncamleaisteachas Dearfach an Éilimh (níos mó ná 1).<br>**nó**<br>Gnáthearra is ea earra Z. As gach méadú 1 faoin gcéad in ioncam, méadaíonn an t-éileamh cainníochta.<br>Ioncamleaisteachas Dearfach an Éilimh. | **<u>12m</u>**<br>6m (4 + 2)<br><br>6m (4 + 2) |

## CUID 2: Ceist 3

**(a)(i)** — **12m** (12 x 1m)

| **Aschur** | **0** | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** | **6** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas Iomlán (€)** | **21** | **24** | **28** | **33** | **40** | **50** | **66** |
| **Costas Imeallach (€)** | – | 3 | 4 | 5 | 7 | 10 | 16 |
| **Meánchostas (€)** | – | 24 | 14 | 11 | 10 | 10 | 11 |

**(a)(ii)** — **11m** (11 (3 x 3m + 2 x 1m))




**(a)(iii)** An leibhéal aschuir a thugann an t-uasbhrabús = 4. — **7m** (4 + 3)

Is é an leibhéal aschuir a thugann an t-uasbhrabús an leibhéal ar a mbíonn na costais imeallacha agus an t-ioncam imeallach cothrom le chéile.

Ag gach leibhéal aschuir roimh an bpointe seo (i.e. 1 go 3 aonad), sáraíonn an t-ioncam as aonad breise aschuir a tháirgeadh (i.e. ioncam imeallach) an costas breise a bhaineann leis an aonad aschuir sin a tháirgeadh (i.e. costas imeallach). Dá bhrí sin, dá méadófaí an leibhéal aschuir, d'ardófaí an brabús. Os cionn 4 aonad aschuir, sháródh na costais imeallacha an t-ioncam imeallach. Dá bhrí sin, chun níos mó ná 4 aonad aschuir a tháirgeadh, laghdófaí an brabús.

**(a)(iv)** Brabús nó caillteanas = ioncam iomlán – costais iomlána — **10m** (6 + 4)

Ioncam iomlán = praghas $\times$ cainníocht = 7 $\times$ 4 = €28

Costas iomlán = meánchostas $\times$ cainníocht = 10 $\times$ 4 = €40
[nó: arna thabhairt sa tábla]

Brabús nó caillteanas = 28 – 40 = – €12 (i.e. caillteanas €12)

| CUID 2: Ceist 3 | |
|---|---|
| **(b)**<br>• Ní chuireann feirmeoirí foinsí eile ioncaim san áireamh, e.g. fostaíocht amach ón bhfeirm<br>• D'fhéadfadh an t-ualach cánach coibhneasta d'fheirmeoirí agus do ghrúpaí eile a bheith an-éagsúil<br>• Ní thugann ioncam san áireamh úinéireacht saibhris, a bhíonn i bhfad níos mó de ghnáth i measc feirmeoirí mar gheall ar úinéireacht sócmhainní mar an talamh<br>• Áirítear toradh ar chaipiteal agus bainistíocht mar aon le saothar in ioncam feirmeora. Toradh ar shaothar amháin a bhíonn in ioncam in go leor earnálacha eile. | **<u>10m</u>**<br><br>3m nó 5m as gach pointe chuig uasmhéid 10m |

| CUID 2: Ceist 4 | |
|---|---|
| **(a)**<br>• Monatóireacht ar fheidhmíocht airgeadais iarbhír in aghaidh feidhmíocht airgeadais phleanáilte<br>• Cuidiú le pleanáil a dhéanamh d'infheistíochtaí nua<br>• Tacaíocht riachtanach le hiarratas a dhéanamh ar mhaoiniú bainc | **10m**<br>2 x 5m |
| **(b)(i)** **A** = 35,000<br>**B** = 20,000<br>**C** = 49,900 | **6m**<br>3 x 2m |
| **(b)(ii)** Inniúlacht aisíocaíochta = $\frac{4,000}{160} \times 1,000$ = €25,000<br>Ní féidir. Níl sé d'acmhainn ag Tomás aisíocaíochtaí a dhéanamh ar an iasacht (mar tá a inniúlacht aisíocaíochta níos lú ná €30,000).<br>B'ionann aisíocaíochtaí bliantúla Thomáis agus €4,800 sa bhliain (30 x 160). Ní bheidh ach €4,000 d'airgead deiridh aige in 2017, ní leor é sin chun an iasacht a mhaoiniú. | **9m**<br>"Ní féidir" = 3 mharc<br>Cúis:<br>6m<br>(2 + 2 + 2) |
| **(b)(iii)**<br>• Roinnt dá shócmhainní (e.g. beostoc) a dhíol chun airgead a fháil. D'fhéadfadh fadhbanna sreafa airgid tarlú i mblianta amach romhainn mar gheall ar an mbeart seo, áfach.<br>• Aon chaiteachais chaipitiúla phleanáilte a mhaoiniú le creidmheas seachas sreabhadh airgid, nó pleananna infheistíochta caipitiúla a chur ar athlá chuig bliain eile.<br>• Plé a dhéanamh le creidiúnaithe agus leis an mbanc maidir leis an bhféidearthacht chun fiachas a athstruchtúrú agus íocaíochtaí míosúla a laghdú (e.g. fad a chur leis an tréimhse aisíocaíochta).<br>• Caiteachais neamhfheirme a laghdú agus/nó ioncam neamhfheirme a mhéadú.<br>• Ioncam feirme a mhéadú (e.g. éagsúlacht / breisluach (e.g. iógart, uachtar reoite)) agus/nó costais feirme a laghdú.<br>• Maoiniú fiachais idirmheánach a úsáid chun easnaimh sa sreabhadh airgid a íoc (e.g. iasacht gnó). Níor cheart é seo a chur san áireamh ach i gcás go gcreidtear nach mairfidh na fadhbanna sreafa airgid ach sa ghearrthéarma agus go n-eascróidh sreabhadh airgid dóthanach sa téarma idirmheánach chun aisíocaíochtaí méadaithe seo an fhiachais a shásamh. | **15m**<br>3 x 5m<br>(3+2) |

| CUID 2: Ceist 4 | |
| --- | --- |
| **(b)(iv)**<br>• Am roinnt díolachán (e.g. laonna) a bhogadh chun sreabhadh airgid a mhéadú i dtréimhsí easnaimh.<br>• Pléigh le creidiúnaithe agus leis an mbanc an fhéidearthacht go mbogfaí dáta dlite íocaíochtaí chuig am ina mbeidh barrachas sa sreabhadh airgid.<br>• Iasachtú gearrthéarma a mhéadú (e.g. rótharraingt) i dtréimhsí ina bhfuil easnamh sa sreabhadh airgid, agus aisíocaíocht a thuar i dtréimhsí ina bhfuil barrachas sa sreabhadh airgid. | **<u>10m</u>**<br><br>2 x 5m<br>(3+2) |

| CUID 2: Ceist 5 | |
|---|---|
| **(a)(i)** Tá treocht ghinearálta anuas i dtáirgeadh an AE sa tréimhse seo, cé go bhfuil sé tuartha go méadóidh an táirgeadh domhanda go suntasach sa tréimhse chéanna. | **<u>8m</u>**<br>4 + 4 |
| **(a)(ii)** *Méadú sa táirgeadh domhanda:*<br>• Barainneachtaí scála i dtíortha mar an Bhrasaíl<br>• Laghdú i mbacainní trádála, rud a thugann rochtain níos éasca do thíortha a tháirgeann mairteoil ar mhargaí móra (e.g. an AE, an tSín)<br>• Tá méadú in ioncaim, go háirithe i measc na meánaicme, i ngeilleagair atá ag teacht chun cinn, mar aon le hathruithe i mianta cothaitheacha ag cruthú éileamh níos mó ar mhairteoil. Dá bhrí sin, tá tíortha a tháirgeann mairteoil ag méadú a n-aschur chun an t-éileamh seo a shásamh.<br>• Tá teicnící riartha agus póraithe níos fearr á bhforbairt. | **<u>9m</u>**<br>5 + 4 |
| **(a)(ii)** *Laghdú i dtáirgeadh an AE:*<br>• Spriocanna an AE i dtéarmaí chosaint an chomhshaoil agus an tionchair ar aschur mairteola<br>• Athruithe fadtéarma i mbeartas CAP agus bogadh ginearálta ó íocaíochtaí bunaithe ar aschur. Cé gur tharla sé seo roinnt blianta ó shin, tá feirmeoirí fós ag dul i gcleachtadh ar an athrú.<br>• Costais ionchuir méadaithe san AE<br>• Iomaíocht níos mó ó iompórtálacha isteach san AE<br>• Tá tionchar ag déimeagrafacha athraitheacha (daonra ag dul in aois) agus sainroghanna san AE ar éileamh i margadh traidisiúnta go leor táirgeoirí san AE.<br>• D’fhéadfadh feirmeoirí mairteola athrú chuig déiríocht mar gheall ar chealú cuótaí bainne. | **<u>9m</u>**<br>5 + 4 |

| CUID 2: Ceist 5 | |
|---|---|
| **(b)**<br>• Tá íomhá ghlas mhairteoil na hÉireann fadbhunaithe agus is féidir é a chur chun cinn a thuilleadh trí ghníomhartha grúpaí mar an Bord Bia agus táirgeoirí (e.g. inrianaitheacht). Tugann sé seo buntáiste d'Éirinn i margaí ina bhfuil tomhaltóirí níos feasaí ar a sláinte.<br>• Tá buntáiste comparáideach ag Éirinn i dtáirgeadh mairteola féarbhunaithe. Tugann oiriúnacht thalamh agus aeráid na hÉireann do tháirgeadh féir buntáiste costais do tháirgeoirí thar tháirgeoirí i dtíortha eile.<br>• Tá earnáil na próiseála bia in Éirinn dea-bhunaithe, le haimsiú domhanda agus barainneachtaí scála (e.g. ABP Foods, Kerry Group agus Glanbia). Tugann sé seo rochtain éasca do mhairteoil na hÉireann ar mhargaí éagsúla agus cuidíonn sé le táirgí breisluacha a fhorbairt.<br>• Faigheann táirgeoirí mairteola na hÉireann tairbhe as earnáil fhairsing taighde agus forbartha, faoi threoir eagraíochtaí mar Teagasc. Tá sé seo tábhachtach chun buntáistí a fhorbairt i réimse mar thaighde géanómaíochta.<br>• Cinntíonn an scéim Dearbhaithe Cáilíochta de chuid Bhord Bia go mbíonn an mhairteoil a easpórtáiltear den chaighdeán idirnáisiúnta is airde. | **<u>14m</u>**<br><br>2 x 7m<br>(4 + 3) |
| **(c)**<br>*Mínigh cad a chiallaíonn an ráiteas sin:*<br>Ní iompórtáiltear mórán de na hionchuir a theastaíonn chun mairteoil na hÉireann a tháirgeadh (e.g. beatha, leasachán agus innealra). Faightear formhór na n-ionchur laistigh d'Éirinn (e.g. talamh, saothar). I gcás easpórtálacha neamhthalmhaíochta, bítear ag brath i bhfad níos mó ar ionchuir iompórtáilte.<br>*Tabhair breac-chuntas ar an gcúis ar gné dhearfach é:*<br>Gné dhearfach de tháirgeadh mairteola na hÉireann é seo mar go gceadaíonn sé i bhfad níos mó den luach a chothaítear trí easpórtálacha a choinneáil sa tír i bhfoirm íocaíochtaí ar thalamh, ar shaothar agus ar chaipiteal le soláthraithe Éireannacha. In earnálacha neamhthalmhaíochta, cailltear i bhfad níos mó den luach easpórtála seo trí íocaíochtaí le soláthraithe eachtracha. | **<u>10m</u>**<br><br>5<br><br>5 |

| CUID 2: Ceist 6 | |
|---|---|
| **(a)(i)** Éifeachtacht na hiarrachta táirgiúlachta arna tomhas i dtéarmaí an ráta aschuir in aghaidh an aonaid ionchuir. Aon chóimheas d'aschur le hionchur. Ríomhtar é tríd an meán-aschur i dtréimhse ar leith a roinnt ar na costais iomlána a tabhaíodh nó na hacmhainní a úsáideadh sa tréimhse sin. | **<u>6m</u>**<br><br>(2 + 2 + 2) |
| **(a)(ii)** Tugann bearta páirt-táirgiúlachta neamhaird ar go leor de na hionchuir a bhaineann leis an táirgeadh. Tugann bearta lántáirgiúlachta na hionchuir ar fad a bhaineann sa táirgeadh san áireamh. | **<u>6m</u>**<br><br>(3 + 3) |
| **(a)(iii)** Bearta páirt-táirgiúlachta is ea tonaí in aghaidh an heicteáir – ní chuirtear san áireamh ionchuir eile, e.g. saothar, leasachán, etc. D'fhéadfadh i bhfad níos mó de na hionchuir seo a bheith ag teastáil ar fheirm Shomhairle chun tona amháin prátaí a tháirgeadh, an oiread sin is go bhfuil an costas ar Shomhairle chun tona amháin prátaí a tháirgeadh (lena n-áirítear costas na n-ionchur breise seo, mar aon le talamh) níos mó ná an costas ar Jessica chun tona amháin prátaí a tháirgeadh. | **<u>6m</u>**<br><br>3 + 3 |
| **(b)(i)**<br>• An gá le gnáthóga a chosaint ó dhamáiste de bharr aisghabháil talún, úsáid lotnaidicídí, agus baint fálta sceach.<br>• Contúirtí a bhaineann le laghdú sa bhithéagsúlacht mar thoradh ar chláir phórúcháin.<br>• An gá le caighdeán an uisce agus na hithreach a chothabháil de réir mar a bhaintear níos mó úsáide as leasacháin.<br>• An gá le tiomantais a shásamh chun táirgeadh gás ceaptha teasa agus amóinia a laghdú.<br>• D'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar bhrabús feirmeacha sa ghearrthéarma.<br>• D'fhéadfadh an méadú in éileamh domhanda / cealú cuótaí bainne / spriocanna fáis (e.g. in Food Harvest 2020) brú a chur ar dhaoine rudaí a fhás go tapa, ar bhealach nach bhfuil inbhuanaithe.<br>• Bíonn drochthionchar ag an athrú aeráide / tuilte ar thalmhaíocht na hÉireann. | **<u>16m</u>**<br><br>2 x 8m<br>(4 + 4) |
| **(b)(ii)**<br>• Ligeann forbairtí sa teicneolaíocht d'fheirmeoirí measúnú a dhéanamh níos rialta, níos éasca agus níos beaichte ar chainníocht agus ar cháilíocht na féarach. Ligeann sin dóibh táirgiúlacht a dtalún a mhéadú, mar aon le cáilíocht chothaitheach a n-aschur a fheabhsú.<br>• Tá forbairtí mar theicneolaíocht na géanómaíochta agus seamhan gnéaschinnte ag cuidiú le feirmeoirí déiríochta táirgiúlacht a dtréad a fheabhsú.<br>• Tá scileanna feabhsaithe na bhfeirmeoirí trí rannpháirtíocht níos fearr le comhlachtaí taighde agus forbartha, próiseálaithe agus piarghrúpaí ag feabhsú na táirgiúlachta. | **<u>16m</u>**<br><br>2 x 8m<br>(4 + 4) |

## Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

*Tábla 320 @ 10%*
Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán